*Eagrán 59* *Meán Fómhair 2018*

# Guth Ghoill €3






***Céim Aniar Teoranta, Áras Ros Goill, Na Dúnaibh, Tír Chonaill.***

**Fón:** 074 9154830 / **Rphost:** ceimaniar@eircom.net / **Facebook:** Céim Aniar Teo

## CLÁR


Coirnéal Nan 2
Lá ar an Phortach 4
Campaí Samhraidh Gaeilge Ceim Aniar 11
An Sagart Mac Pháidín 13
Traidisiún 17
An Drama 2018: Dishealbhú 19
Comórtas Peile na Gaeltachta 22
Cros Mhíobhaigh 26




# Coirnéal Nan

Sular thóg m'fhear céile, Neil, teach s'againn fhéin thíos i nDun Dúbhain bhí muid ag stopadh i dteach Francie agus Willie Cullen.

Cha raibh an tsláinte go rómhaith ag Francie (Fuair Francie bás sa bhliain 1978 is fuair Willie bás sa bhliain 2000). Bhí Willie mar skipper ar 'The Pride of Mulroy' half-decker a thóg Georgie Doherty do Francie. Bhí an bád seo ag gabháil do na scadáin san Fhomhar agus ag gabháil do na bradáin sa tSamhradh. Bhíodh fir éagsúla ag iascaireacht ar an bhád le Willie síos fríd na blianta. Fir mar a bhí: Hughie Bhrógain, Ned John Nohaí (Ned Carr), Anton Shús (Anton McBride), James Anton (James Doherty), Micí John Enda, (Micí Mac Pháidín) John Den Dhonie, Paidí Coyle, John McNutt, Francie (mo mhac fhéin) Francie Pat (mac Patrick Cullen).

Bhí beirt as Toraigh ag iascaireacht leis fosta (chan ag an am amháin) agus bhí an t-ainm céanna ar an bheirt, sé sin 'Paidí'. Paidí Thoraigh a thug muid ar fhear amháin agus Sean Phaidí Thoraigh ar an fhear eile.

Cé gur bhog mé fhéin is Neil agus ár dteaghlach isteach i dteach úr s'againn fhein i 1966 bhíodh na hiascairí amach 's isteach idir an dá theach agus dár ndóighe de thairbhe sin bhí aithne mhaith againn ar a chéile.

'Sé na blianta ag tús na 70idí a bhí Sean Phaidí Thoraigh ag iascaireacht le Willie. Tá mé chóir a bheith cinnte gur 1970 a thosaigh sé ar an 'Pride of

Mulroy' agus cha raibh Béarla s'aige rómhaith ar chor ar bith. Cé gur Nan a tugadh ormsa an chuid is mó den am, is Áinee a thug Sean Phaidí Thoraigh orm agus tharraingíodh sé amach an 'ee' ag deireadh Áinee agus é ag labhairt liom. Bhí sé stopadh sa seanteach le Francie is Willie agus bhí sean-tine fhoscailte ann.


Cibé ar bith bhí droch chasachtach ar Sean Phaidí Thoraigh an lá seo agus cha raibh an form go rómhaith leis. Lá gaofar, garbh, ceathach a bhí ann agus bhí Sean Phaidí Thoraigh ina shuí cois na tine agus cruit air agus bhí achan réabadh de chasachtach mhillteanach amach as. An chéad rud eile thug sé fá deara buidéal beag donn a théamh sa ghríosach. "Hoí, a Willie," a dúirt sé, "cad é atá sa bhuidéal sin." "Ó" arsa Willie, sin cógas do na hainmhithe." "Bhail," arsa Sean Phaidí, "má tá sé maith go leor do Áinee, beidh sé maith go leor domhsa," agus thóg sé an buidéal, tharraing sé amach an píosa páipéar donn a bhí teannta isteach mar stopper sa bhuidéal agus chaith sé siar a raibh sa bhuidéal. Tharla sé uilig chomh tapaidh sin nach raibh Francie nó Willie ábalta stop a chuir leis. Bhí an bheirt acu ansin stioctha leis an gháire agus cha raibh siad ábalta labhairt.

Nuair a fuair siad smacht orthu fhéin sa deireadh char dhúirt siad a dhath le Sean Phaidí Thoraigh.

Cibé ar bith, maidin lá arna mhárach bhí an ghrian ag soilsiú agus cha raibh oiread gaoithe ann is a shéidfeadh amach coinneal ort.

Agus éist le seo, iontas na n-iontas bhí Sean Phaidí Thoraigh mar a bheadh coileach óg ag siúl thart fán áit agus achan sean phort is achan sean amhrán as Toraigh a cheol aige. Taispeánann sé duit, nach ndéanann.

Neil Ó Cuilinn agus Paidí Bhrianaí Mac Lochlainn



# Lá ar an Phortach


## le Seosamh Ó Cuilinn

D'éirigh mé le h-éirí na gréine agus d'amharc mé amach an fhuinneog chun a fháil amach cad é an cineál lá a bhí a gabháil a bheith againn. Buíochas do Dhia bhí cuma mhaith ar an lá. An chéad lá de mhí na Bealtaine a bhí ann agus bhí sé socraithe agam fhéin agus ag mo chara Micí lá a dhéanamh ar an phortach. Téann lear daoine go dtí an phortach an lá sin mar go n-éiríonn ola ó dhoimhneacht an phortaigh go barr na mbachtaí ó mhí na Bealtaine amach. Deirtear go mbíonn i bhfad níos mó nirt agus teasa sa mhóin a ghearrtar i mí na Bealtaine de thairbhe an ola a bheith inti. Dhéanfaí an tine a choigilt i gcónaí san oíche i dteach s'againne agus cha bheadh sé deacair í a lasadh ar maidin go háirithe dá mbeadh muid mall ag dul a luí san oíche. Chomh luath is bhí an tine lasta chuir mé air a' citeal le é a ghoil fá choinne an bricfeasta agus chuaigh mé amach leis an bhó a bhlí ansin. Bhí an bhó istigh sa bhóitheach go fóill againn ach i ndiaidh an chéad lá de mhí na Bealtaine d'fhágadh muid an bhó amuigh san oíche agus bheadh sí amuigh ón lá sin amach. Bhí an bhó breá modhúil agus dá thairbhe sin bhí mé ábalta an canna a chur idir mo ghlúine agus í a bhlí le mó dhá lámh. Ar dtús cheangail mé an ruball thart ar a cois mar is minic go mbeadh an ruball salach agus thiocfadh leat sceilp a fháil fan tsoc dá gcroitfeadh sí a ruball agus tá mé ag inse duit nach mbeadh sin ró dheas an chéad rud ar maidin. Cha raibh mé i bhfad ag gabháil don bhlí nuair a chuala me an cat ag an doras nó bhí sise ag cuartú a bricfeasta fosta mar go mbeadh sí ag an doras achan mhaidin nuair a bhítí ag blí. Nuair a bhí an bhó blite agam chuir mé m'ordóg sa bhainne agus rinne me comhartha na croise leis an chúr os cionn a hútha. Maram gur ag tabhairt buíochais ar son an bhainne a bhí mé agus fosta go mbeinn ag glacadh leis go mbeadh bainne aici sa tráthnóna nuair a d'fhillfinnse le í a bhlí aríst. Ansin thug mé deoch don chat ar mo bhealach amach ón bhóitheach agus mé ag





déanamh mo bhealach isteach go gasta ar eagla go mbeadh an citeal goilte tirim agus ag an am chéanna ag déanamh cinnte gan an bainne a bhí liom a dhoirteadh. Ceart go leor bhí an  citeal ag goil. Nigh me mo lámha agus líon mé an taephota agus chaith mé gráinnín tae isteach ann. Fuair mé cúpla aibhleog ansin agus chuir mé an taephota 'na shuí ar mhullach na n-aibhleog leis an tae a tharraing. A fhad is a bhí seo ag tarlú fuair mo mháthair toirtín mór amach ón driosúr agus ghearr sí cúpla slios domh agus chuir sí slap breá ime orthu. Bhí sé galánta le babhal breá' tae agus cúpla ubh. Gan mhoill ina dhiaidh sin chuala me scairt ag an doras, Micí a bhí ann, '...nach bhfuil tú réidh go fóill, tá muintir Éamoinn ar shiúl le fada' ar seisean. 'Tar isteach' a dúirt mo mháthair leis agus í ag cur fáilte roimhe mar a dhéanfadh sí le achan nduine,' agus glac bolgam beag i dó lámh, nach bhfuil fhios agat go mbeidh lá fada go leor agaibh'. 'Rinne mo mháthair cinnte go raibh achan rud linn. Chuir sí ádh orainn agus gan amhras chroith sí an t-uisce coisricthe orainn ansin mar a dhéanadh sí le achan nduine a bheadh ag fágáil a' tí maidin nó oíche. Bhí dhá spád leathan agus sleán linn; ár gcuid istigh i mála plúir ag mo mháthair; canna uisce linn fa choinne an chéad tae; agus thug muid aghaidh ar an phortach. Ag siúl a bhí muid agus siúl breá fada a bhí againn agus an chuid is mó de in éadan an chnoic, ach char chuir sin isteach nó amach orainn ná bhí muid breá cleachtaithe ag siúl. Bhí drúcht breá trom ar a' talamh agus bhí na coiníní amuigh ag ithe an fhéir nuair a bhí sé deas bog ar maidin . Bheadh an ghrian ag éirí láidir gan mhoill agus bheadh an drúcht ag triomú go gasta agus cha bheadh an féar chomh milis ansin. Bhí na caoirigh ag bogadh amach ó na bruacha mar gur sin an áit a luíonn siad san oíche ar an fhoscadh ón ghaoth agus ón fhearthainn agus da bhfeicfeá na huain bheaga agus iad ag bocléimnigh thart suas agus anuas ar thaobh an chnoic, shílfeá go raibh siad ag rásaíocht in éadan a chéile agus b'fhéidir go raibh.  Ansin chonaic muid easóg ag reáchtáil trasna an bhealaigh mhóir os ár gcomhair; stad sé bomaite agus d'amharc sé go dána orainn agus buíochas do Dhia rith sé leis ansin isteach ar chúl creige mhóir. Char bhac muid leis an easóg mar is minic uair a chuala mé go raibh easóg ábalta a ruball a chur isteach ina bhéal agus fead a ligint as agus ansin go dtiocfadh na heasóga eile uilig le cabhair a thabhairt dó,  gheobhadh siad greim scornaí ort agus dhiúlfadh siad do chuid fola. Tá fhios agam nuair a gheobhann easóg greim ar choinín gur greim scornaí a gheobhann sé air agus diúlann sé a chuid fola mar chonaic mé






féin sin agus ghlac mé leis gur sin cúis mhaith go leor gan a dhul a chóir.

Char mhothaigh muid go raibh muid ag na bachtaí agus an chéad  rud a bhí orainn déanamh ná tine a lasadh. Sin an rud ba ghnáth le achan duine a dhéanamh ar dtús agus cha raibh muidinne chun sin a athrú. Chruinnigh muid suas dartáin ar bith a bhí ina luí thart agus dornán caora agus dosán fraoigh leis an tine a lasadh agus chuir muid túrtóga ar bith a bhí measartha tirim thart uirthi le í a choinneáil ag dul ina dhiaidh sin. Las muid an tine agus cha raibh sé am ar bith go raibh an toit ag dul suas go h-ard sa spéir. Ansin fuair mé an buidéal bainne agus chuir me síos i bpoll portaigh é ar eagla go rachadh an bainne géar leis an teas agus chuir me an t-im i bhfolach ón ghrian fosta ná bheadh sé léite leis faoin ghrian. Chuir me an t-uisce isteach i bpoll caoiche le é a choinneáil fuar nó cha bheadh maitheas ar bith ann leis an tart a bhaint díot da mbeadh an t-uisce te. Mar a dúirt mé bhí dhá spád leathan linn mar go raibh againn leis na bachtaí a pháráil ar dtús. Obair mhaslach a bhí sa pháráil agus leoga bhí an páráil an-domhain in áiteacha ach cha raibh rogha ar bith againn ach coinneáil ag dul. Bhí an lá an-te agus bhí muid ag cur allais ach d'ól muid go leor uisce.

Nuair a bhí an chéad bhachta páráilte againn fuair Micí píosa giúise agus sean-chróigeán móna a bhí ina





6

luí thart ón bhliain roimhe sin agus chóirigh sé suas an tine. Fuair mise an sleán ansin agus thosaigh muid ag gearradh. Bachta dhá fhód a bhí ann. Bhí mise ag gearradh agus Micí sa pholl. Chuir sé an fhód uachtarach amach ar an bhruach. Bíonn sé níos fusa an mhóin a bhíonn ar an bhruach a thriomú na an mhóin a bhíonn sa pholl mar go mbíonn an bruach tirim. Dá mbeadh bachta trí fhód agat ghlacfá an chéad dá fhód a chur amach ar an bruach agus leora bhí sin docharach go leor ar an fhear a bhí sa pholl. Buíochas do Dhia go raibh an sleán breá géar ná bhí an fhód uachtarach an-righin in áiteacha agus de thairbhe sin bhí sé doiligh í a ghearradh, ach d'oibrigh muid linn. Cha raibh uaireadóir ar bith linn leis an t-am a insint ach bhí mise breá ábalta buille fá thuairim a thabhairt le hamharc ar an ghrian. Bhí an ghrian breá ard sa spéir anois agus bhí fhios agam go raibh am dinnéara ann agus leora bhí sé tuillte go maith againn ná d'oibrigh muid go cruaidh i rith na maidine.

Bhí gríosach de thine againn, fuair muid an t-ábhar uilig don tae a bhí curtha i dtaisce againn, an bainne, an t-im agus an t-uisce agus rinne muid an tae. Líon mé an taephota ansin ach rinne me cinnte gur chuir mé caora isteach sa taephota mar gur chuala mé í gcónaí go gcuidíonn sin an toit a choinneáil amach as an tae mar go mbeadh blas tréan ar an tae dá mbeadh toit ann. Chuir mé síos na h-uibheacha ansin, beirt a' duine agus chuir me gráinnín beag salainn ar bhlaosc na n-uibheacha mar coinníonn sin an bhlaosc ó bheith ag scoilteadh leis an teas. Thóg Micí amach ubh go bhfeiceadh sé an raibh siad réidh. Má thriomaíonn an ubh chomh luath agus a thógann tú amach as an uisce í bíonn an ubh réidh. Bhí achan rud réidh anois agus shuigh muid síos ar bhruach dheas ghlas lenár gcuid a ithe. Bhain muid sult tréan as an bhéile agus chuir mé achan rud ar shiúl agus ansin luigh muid arais ar an bhruach lenár scíste a dhéanamh ar feadh deich mbomaite nó mar a deir an seanfhocal - nuair atá an bolg lán is maith leis na cnámha síneadh.




Le linn dúinn a bheith sínte ar an bhruach chonaic muid eitleán ag imeacht léi trasna na spéire. Dúirt Micí gur dóiche gur bodaigh mhóra uilig a bheadh ar an eitleán sin, cuid acu ag dul ar a gcuid laethanta saoire, cuid eile acu ag dul ó thír go tír ag déanamh a ngnó agus nach mbeadh amhail ná aird acu sin ar an phortach. D'aontaigh mé fhéin le Micí agus dúirt mé leis gur '... sin saol s'acusan agus seo saol s'againne anseo'. Luigh muid isteach leis an obair arís. Fuair mise an spád leathan ar dtús agus chaith mé amach traidhfil sclatógaí leis an bhachta a fhoscailt suas agus chuaigh Micí isteach sa pholl ansin. Bhí corr áit agus cha raibh sé ábalta an mhóin a chur amach sa pholl mar go raibh barraíocht uisce 'na luí thart. Bhí aige leis an mhóin sin a chaitheamh amach ar an bhruach fosta agus rinne sé fuinneoga de chuid acu, rud nach dtiocfadh le achan duine a dhéanamh. Bhí muid ag obair go cruaidh, chríochnaigh muid an bachta sin ach rinne mé cinnte gur fhág mé an dá fhód deireanach ar eagla go dtiocfadh mallacht Cholmcille orainn mar gurbh é sin coiscéim Cholmcille. Thosaigh muid ar bhachta a raibh fód dubh ann ansin. Bhíodh teas iontach maith as an mhóin dhubh agus leoga bhí bachtaí dubha gann go leor. Ghearr mé an mhóin dhubh i bhfad níos mó ná an mhóin eile mar nuair a thriomódh siad suas bhrisfeadh siad ar shiúl agus cha bheadh a dhath fágtha agat ach dartáin. Bhí dícheall inár gcuid oibre agus tháinig ocras orainn arís. D'amharc mé ar an ghrian agus bhí sí breá ard sa spéir anois, '...tá am an tae tráthnóna ann' a dúirt me le Micí.

Cha raibh uisce ar bith fágtha againn ach bhí tobar beag cóngarach dúinn agus caithfidh mé a rá gurb é an t-uisce ab fhuaire is a d'ól mé ariamh. Rud eile fán tobar seo, dhoirteadh achan duine deor bheag uisce ón tobar ar chaol a gcuid lámh sula n-ólfadh siad é. Bhí Micí ag cur bail ar an tine agus thug mise an canna liom leis an t-uisce a fháil ón tobar. Cha raibh mé i bhfad siar an bealach gur chuala mé callán ar mo chúl agus leis an fhírinne a rá bhain sé léim asam. Nuair a d'amharc mé thart cha ndéanaim dearmad a choíche den rud a chonaic mé. Bhí scamall dusta ag éirigh aníos ón bhealach mhór agus feadalach agus sceamhlach ard ag teacht amach as. Mhair seo thart fá bomaite sílim, agus ansin d'imigh an scamall dusta suas ar thaobh an chnoic agus é ag tarraingt ar áit a dtug muid seomra na cruaiche air. Bhí sé ráite gurb é sin an áit a raibh cónaí ar na daoine beaga i bhfad ó shin. Nuair a fuair mé m'anáil ar ais rith me liom agus líon mé an



t-uisce agus char stad mé go raibh mé ar ais ag na bachtaí.' Faoi Dhia' a dúirt Micí, ' Cad é a bhí ansin?' Agus é chomh bán le sneachta.' 'Níl fhios agam a Mhicí ach cha shílim go raibh sé saolta' a dúirt mé. Rinne muid an tae agus bhruith muid uibheacha, cha raibh an oiread cainte uainn an uair seo.

I ndiaidh dúinn scíste maith a bheith againn chrom muid ar an obair aríst. Rinne muid dul chun cinn maith agus dheamhan i bhfad go raibh na bachtaí a bhí páráilte againn gearrtha. Thosaigh muid ar an phárail arís. Cha raibh ach fód amháin ar a' bhachta seo agus bhí Micí ábalta iad uilig a chur amach ar an bhruach. Bachta breá fada a bhí ann ach choinnigh muid ag dul gur chríochnaigh muid é. D'amharc mé thart agus bhí an chosúlacht air go raibh am baile ann mar go raibh an ghrian a bhí go h-ard sa spéir i lár a lae, bhí sí ar a bealach siar anois, agus na caoirigh a bhí ar bharr an chnoic i rith a lae bhí siadsan anois ar a mbealach anuas go dtí na bruacha aríst. Bhí am stad ann. Rinne mé cinnte go raibh an tine as i gceart sa dóigh is nach dtosódh sí suas aríst i lár na h-oíche agus an cnoc a chur ar thine. Sin déanta chruinnigh mé suas achan rud a bhí linn agus ghlan mise an sleán agus ghlan Micí an dá spád. Nigh muid ár lámha ansin mar chuala mé i gcónaí go raibh sé níos fusa an portach a bhaint duit le huisce portaigh ná uisce ar bith eile. Thug muid aghaidh ar a' bhaile ansin. Bhí na seilidí le feiceáil ar thaobh an bhealaigh mhóir sa tráthnóna agus shílfeá gur comórtas a bhí acu agus a gcuid adharca sínte go h-ard san aer acu. Ghlac muid aicearra ar ár mbealach 'na bhaile ach má rinne fhéin fuair muid



na glúine uilig fliuch ná bhí an raithneach lán de sheileoga cuaiche ag an am seo tráthnóna. Bhí lá mór déanta againn ach ghlac muid leis go mbeadh lá ná beirt eile le déanamh againn mar go raibh tábhacht mór ag baint leis an mhóin. Bíonn muid ag brath go mór ar an aimsir leis an mhóin a thriomú. Caitheann muid iad a thiontú agus ansin iad a chróigeadh agus corruair iad a ricliú fosta. Dá mbeadh móin le spáráil agat thiocfadh leat malairt a dhéanamh le cuid de na feirmeoirí móra a ghlacfadh lód móna uait fá choinne lód fiadhacha agus bheadh cúpla stuca fiadhacha an-úsáideach le díon a chur ar na cruacha coirce agus féir ag deireadh an Fhómhair. Char mhothaigh muid go raibh muid sa bhaile aríst. Bhí an bhó blite ag m'athair agus é ar a' bhealach amach léi. Chuir mo mháthair fáilte romhainn mar a dhéanfadh sí le achan duine agus dúirt sí linn go raibh an dinnéar réidh. Bhí an dinnéar galánta agus go h-áirithe an cáca milis a bhí aici leis an tae i ndiaidh an dinnéara. Tamall ina dhiaidh sin d'fhág Micí agus thug mé buíochas dó ar son a chuid oibre. Nuair a bhí na soithigh nite ag mo mháthair agus m'athair críochnaithe amuigh, shuigh siad síos ag an tine agus shuigh mise síos leofa.

D'inis mé dófa fán lá a bhí againn agus cha dear mé dearmad inseacht dófa faoi eachtra an dusta agus an callán a chuala mé ag teacht uaidh. Dúirt m'athair liom gurb é a bhí sa challán ná go rabhar ag tabhairt deis domhsa agus do dhuine ar bith eile a bheadh sa chasán acu an bealach a fhágáil agus iadsan ar a mbealach suas go seomra na cruaiche. ' Buíochas dó Dhia' a dúirt mó mháthair, ' gur chroith me an t-uisce coisricthe oraibh agus go raibh do scaball ar do mhuineál agatsa ná bheifeá ar shiúl leofa.' Is minic a chuaigh mise an bealach céanna ina dhiaidh sin ach ní fhaca mé nó níor chuala mé rud ar bith cosúil le sin ariamh. Ach geallaim daoibh nach ndearna mé dearmad ariamh don lá sin agus an eachtra a bhí agam ar an phortach.



# Campa Samhraidh Gaeilge Chéim Aniar - Mí Iúil












# Campa Samhraidh Gaeilge Chéim Aniar - Mí Lúnasa
















# An Sagart Mac Pháidín (1843-1917)

Rugadh Séamus Mac Pháidín in aice le Carraig Airt i mí na Nollag 1842. Bhí ceathrar eile sa teaghlach, John, Mícheál, Margaret agus Grace. Phós Margaret Hughie Bhrianaí Ó Gallachóir as Gorta Móra, Na Dúnaibh. (ba seo sin sean-mháthair Clann Uí Dhochartaigh, Cnoc a'Dúin agus Clann 'ac Pháidín i gCoill agus ar an Chaiseál – Martin, Eunan agus Bridie Jim i gCoill agus Brendan ar an Chaiseal). Chuaigh Mícheál go Meiriceá, bhí sé ina fhear dóiteáin i dTennessee. Bráthar Críostaí (Brother Norbet) a bhí in John i mBaile Átha Cliath. Rinne a uncail, an Dochtúir 'ac Eiteagáin, Séamus a oirniú ina shagart in Ard Eaglais Phádraig, Ard Mhacha Lá Coille 1871. Rinneadh Sagart Paróiste ar Ghaoth Dobhair do Shéamus agus gan é ach 33 bliain d'aois ag an am agus chaith sé bliain agus fiche I mbun na paróiste sin go dtí gur athraíodh 'na nGleanntach é i 1900. Chaith Grace a saol uilig mar bhean tí aige.

Sílim go raibh an tAthair 'ac Pháidín rí-fhóirsteanach don saol a bhí amach roimhe, saol doiligh. Treoraí a bhí ann ó nádúr, bhí sé éifeachtach, fuinneamhach agus buan seasmhach. D'úsáid sé teanga ghéar go minic agus é ag gríosú na ndaoine in óráidí, ach chuir sé an bhéim i gcónaí ar sheasamh dhaonlathach bhunreachtúil. Bhí tuigbhéal ag Séamus agus é ag éirí aníos, don anró, don mhí- chothromaíocht agus do chruálacht agus do dhaorsmacht na dtiarnaí talún. Bhí ainm an t-Sagart 'ac Pháidín fada leitheadach mar cheannródaí an phobail in am Chogadh na Talún sa pharóiste. Bhí sé ina thúr cosanta ag na daoine in éadan ansmacht na dtiarnaí talaimh ó1873 ar aghaidh.

Bhí Gaoth Dobhair i ndrochstaid. Bhí a sáith ós a gcoinne a mbeatha a thabhairt i dtír, ach ansin tháinig na tiarnaí orthu. Bhí cíos trom orthu agus mura ndíolfadh siad an cíos cha raibh a dhath fána gcoinne ach an bealach mór. Nuair ba thréine a bhí an t-achrann fá cheist an talaimh tháinig an tAth. 'ac Pháidín go Gaoth Dobhair. Ghríosaigh sé na daoine le treoir an Land League a leanstan - gan ach cíos cóir a íoc. Ní raibh sé i bhfad go raibh sé féin agus na h-údaráis in adharca a

chéile. Cuireadh an dlí air agus chaith sé sé mhí i bpríosún Dhoire. Nuair a scaoileadh saor é lasadh tinte cnáimh ar na cnoic i nGaoth Dobhair, i gCloich Cheann Fhaola agus sna Rossa. Bhí meas iontach ag na daoine air agus fiú go dtí an lá atá inniu ann tá a chuimhne beo i nGaoth Dobhair. Chuidigh múinteoirí an cheantair, Raidió na Gaeltachta, Amharclann Ghaoth Dobhair, gan trácht ar bhunadh Ghaoth Dobhair iad féin, gairdín cuimhneacháin ina onóir a thógáil agus rinne an tEaspag Ó Buaidhe é a choisreacan sa bhliain 2000. B'é Fred Ó Colla, dearthair Nan Cullen a thug an talamh don ghairdín cuimhneachain.

Lean sé ar aghaidh leis an obair agus é saor arís. Sagart réabhlóideach a bhí ann agus bhí sé i dtólamh 'un spairne leis na tiarnaí. Rinne sé gach dícheall coinníollacha beatha na paróiste a fheabhsú. Chuardaigh sé agus fuair sé deontais fá choinne scéimeanna oibre a chur ar bun. Thug sé ar Bhord na gCeantar Cúng prátaí síl a thabhairt do dhaoine bochta. Thóg sé scoileanna úra, bhunaigh sé cúirteanna dúiche agus cheap giúistísí le dhul ina mbun. Chuir sé stop le déanamh an phoitín agus bhunaigh sé Cumann Measarthachta.


Lena linn i nGaoth Dobhair tharla dhá thubaiste mhillteanacha. Ba lena linn a bhí Domhnach na Tuile, Lá Fhéil' Muire san Fhómhar, an cúigiú lá déag de Lúnasa 1880, agus Marú an Mhairtínigh ar an tríú lá de mhí Feabhra 1889.

Ar La Fhéil' Muire san Fhómhair tharla gur an Domhnach a bhí ann fosta agus bhí  Teach an Phobail lán go béal. Bhí an lá te marbhánta



ach ní raibh duine ar bith ag dúil leis an stoirm bháistí a bhí le theacht. Tháinig an tuile anuas ó na cnoic agus isteach sa tsruth a bhí ag reáchtáil faoi Theach a'Phobail. Chuaigh sé thar maoil, phléasc sé agus, i ngan fhios ar dtús, thosaigh an t-uisce ag reáchtáil isteach sa Teach Pobail. I dtréimhse cúig bhomaite bhí an t-uisce deich dtroithe nó níos mó ar airde. Thug an pobal iarraidh ar an ghailearaí agus ar na fuinneoga. Bhí suíocháin ag snámh ar bharr an uisce agus bosca éisteachta ar an t-snámh fosta, chomh maith le sealtaí ban agus bairéid fear. Tháinig an t-uisce i ngan fhios ar an tSagart thuas ag an Altóir, thiontaigh sé thart agus thug sé Absalóid don slua. Rinneadh gníomhartha gaisce an lá sin a shábháil ar a laghad 400 ach báitheadh cúigear. Go dtí an lá atá inniu ann bíonn Aifreann Cuimhneacháin ag muintir Ghaoth Dobhair ar Lá Fhéil' Muire san Fhómhar.

Ar an tríú lá de mhí Feabhra tharla tubaiste eile a ghoill go mór ar an tSagart agus ar an Phobal - Marú an Mhairtínigh. Cuireadh an dlí ar an tSagart arís ach bhí sé, le cabhair mhuintir na háite, ábalta éalú. Tháinig dlaoi mhullaigh an achrainn nuair a tháinig an cigire Ó Máirtín agus scaifte péas leis le breith ar an tSagart ag am Aifrinn i dTeach Pobail Dhoirí Beaga. Bhí an Pobal tógtha nuair a chonaic siad an cigire ag leagan a láimhe ar an tSagart ar a bhealach ó Theach an Phobail go dtí a theach fhéin. D'ionsaigh siad na péas agus sa ghráscar a tharla fágadh an Mairtíneach ina luí maol marbh ag doras theach an tSagairt. Ba é seo an toradh a bhí ar scéal thruacánta na ndaoine sa dara leath den 19ú Céad. Beireadh ar scór as an phobal agus tugadh go Portlaoise nó Maryborough iad. Gearradh téarma príosúnachta orthu uilig ach bhí triúir a fuair téarma i bhfad níos faide na an chuid eile. Rinne sé iarracht iad a shaoradh ach ní raibh toradh ar a shaothar go dtí go dtáinig Morley i gceannas i 1892 agus scaoileadh saor na príosúnaigh.


Petty Sessions District of Bunbeg
County of Donegal
To
The Revd James McFadden PP
Derrybeg Gweedore
Co Donegal.
You are hereby required to take notice that you with the other parties implicated will be charged with the murder of William Limerick Martin at Derrybeg in said County on Sunday the 3rd day of February 1889 at the Ordinary Petty Sessions to be held at the Court House Bunbeg in said County on Monday the 11th day of February 1889 at the hour of 12 o'clock noon before such Justices as shall be there.
Dated at [illegible] Co of Donegal [illegible] February 1889
Signed [illegible]
Sessional Crown Solicitor for the County of Donegal [illegible]


Tháinig feabhas ar staid na dtionóntaithe ina dhiaidh sin mar cuireadh billí leasuithe i bhfeidhm agus ní raibh sé riachtanach an troid chéanna a dhéanamh ar son na dtionóntaithe ach mar a dúirt mé ghoill bás an

Mhairtínigh go mór air.

In Eanáir 1897 chuir an tEaspag Ó Dónaill Séamus go Meiriceá le hairgead a chruinniú fa choinne na hArd Eaglaise úire i Leitir Ceanainn. Chaith sé dhá théarma agus chóir a bheith ceithre bliana ann idir 1897 agus 1901. Deirtear go dtug sé cuairt ar achan chathair, baile agus sráid bhaile san áit. Nuair a phill sé go hÉirinn rinneadh Sagart Paróiste dó ar pharóiste na nGleanntach. D'fhág sé slán ag Gaoth Dobhair sa bhliain 1901.

Níor chaill sé suim sa pholaitíocht agus bhí sé ag an am seo iontach báúil le John Redmond. Bhí sé ina bhall de Chonradh na Gaeilge agus bhí sé ar dhuine de na daoine ag an am a bhí i bhfabhar an Ghaeilge a bheith mar ábhar éigeantach don Mháithreánach. Bhí Gaeilge líofa aige fhéin agus cé go raibh an lucht gnó i bhfabhar Béarla a labhairt bhí 'ac Pháidín i gcónaí fa choinne na Gaeilge. Spreag sé na daoine í a labhairt agus go háirithe na daoine óga ins na bunscoileanna a bhunaigh sé. Thóg sé scoil úr agus Teach Pobail úr in Edininfagh ar na Gleanntaí. Fuair an Sagart 'ac Pháidín bás ins na Gleanntaí in Aibreán na bliana 1917 agus is ansin atá sé curtha. 'Sé a cholceathar An Cairdinéal Ó Laoghóg a cheiliúraigh Aifreann a thórraimh.

Sa bhliain 2017 bhí Comóradh Céad Bliain a bháis ann. Rinne Martin Jim Mc Fadden an leabhar 'Canon James Mc Fadden - The Patriot Priest of Gweedore' a sheoladh. Scríobh an Dochtúir P. Ó Baoighill, staraí agus Sagart Paróiste Ghaoth Dobhair, an réamhrá agus bhí sé i láthair ag an seoladh i gCarraig Airt. Ba é fosta a léigh an tAifreann Cuimhneacháin sa Sean-Teach Pobail i nDoirí Beaga ar lá Fhéil' Muire san Fhómhar. Bhí Teach a' Phobail lán.



# Traidisiún

## le Fia Ann

Tá cuid de na sean-nósanna a tháinig anuas chugainn fríd na glúnta chomh fréamhaithe sin sa traidisiún nach n-aithníonn muid sa lá atá inniu ann gur cuid de shaibhreas ár n-oidhreachta atá iontu. Ach, tá cuid eile den oidhreacht agus den traidisiún sin caillte againn ach, ar ndóigh, b'fhéidir gur bheag an chaill iad.



Chuala mé go minic go raibh nósanna ar leith ag daoine faoi thórramh agus faoin reilig san am a chuaigh thart. Ós rud é go raibh fréamhacha Reilig Mhíobhuí ag síneadh siar go ham Cholm Cille nó mar sin, shíl mé go mbeadh na sean nósanna a bhíodh i gcleachtas ar bharr a dteanga ag cuid de mhuintir na háite. An t-aon rud bunúsach a tháinig mé aníos leis ag an am ná go mbeadh an duine deireanach a chuirtí sa reilig, i gceannas ar an gheafta go dtí go gcuirfí an chéad duine eile. Tá an nós seo léirithe go hiontach sa dráma, Fear an Gheafta, a scríobh Proinsias Ó Cuilinn bunaithe ar an ábhar seo.



Ach ag comhrá le m'athair baiste dom, Seán Mac Giolla Chearra as Fánaid, lá amháin, d'inis sé an scéal dom faoin lá a cuireadh m'uncail Mánas (Mac Giolla Bhríde) sa reilig sin. Bhog m'athair mór as Dún Dubháin agus shocraigh sé síos ar deireadh i nGlinsce i bhFánaid roimh 1940. Rinne Mánas cairdeas le comharsana úra thall agus bhí m'athair baiste ina measc. Nuair a fuair Mánas bás i 1946 agus é ina fhear óg, tugadh ar ais go Reilig Mhíobhuí é le cur sa reilig sin.

Mar go raibh m'athair baiste ar dhuine de chairde úra Mhánais, mheas sé gur cheart dó cuidiú a thabhairt leis an chónair a iompar isteach chun na reilige, mar nach raibh deartháireacha ar bith ag

Mánas. Cha raibh i gceist ag Seán leis sin, ar ndóigh, ach gar a dhéanamh don teaghlach. Ach ar a bhealach isteach chun na reilige, mhothaigh sé lámh ar a ghualainn agus fiafraíodh de arbh é 'Mac Giolla Bhríde' an sloinne a bhí air. Toisc nárbh ea, bhí aige leis an chónair a thabhairt do dhuine den sloinne sin, duine de mhuintir Mhánais.

De ghnáth, fadó, bhíodh go leor deartháireacha agus col ceathracha sa teaghlach a bheadh ábalta an nós seo a chomhlíonadh. Bhí an chuma ar an scéal go raibh an traidisiún seo beo beathach, cé nár luadh é ar chor ar bith, - go dtí go dtáinig duine, nár de bhunadh na háite iad, i measc na ndaoine.

Tharla an rud ceannann céanna do m'fhear céile, Séamas, ag tórramh do chara dhil dár gcuid a fuair bás traidhfil blianta ó shin. Cha raibh teaghlach ar bith dá cuid féin aici, agus cé nach de bhunadh na háite Séamas, shíl sé go raibh sé de dhualgas air cónair ár gcara a iompar. Is ansin a chuala sé duine den slua ag rá go mba chóir go mbeadh duine den sloinne ag iompar na cónrach.

Bhí an traidisiún sin á chleachtadh ag daoine go dtí le gairid, ach anois ní shílim go bhfuil an tábhacht chéanna ag baint leis, sa lá atá inniu ann. Tá cuid de na nósanna seo ar tí muid a thréigean nó an muidne atá ag déanamh an tréigin, an síleann tú? An bhfuil an ré sin caite ar leataobh againn?

Má tá sean-nós ar bith eile ar eolas agat, nós atá caite ar leataobh, mar shampla, ba mhaith liom iad a chloisteáil uait, le do thoil.





# Cros Mhíobhaigh

Tá sean-chros ársa ina seasamh i Sean-Reilig Mhíobhaigh leis na cianta. Do shéadchomhartha (monument) atá chomh ársa léi, is aisteach an rud é a laghad eolais agus atá ar fáil fá dtaobh di. Deir seandálaithe (archaeologists) gur cros Laidineach atá inti agus deir siad fosta nárbh as cloch na dúiche seo a rinneadh í. Dá bhrí sin, is dóiche gur tugadh anseo í ó áit inteacht eile in Éirinn nó i gcéin. Deirtear fosta go bhfuil sí thar míle bliain d'aois. D'fhágfadh sin go raibh sí ann ní amháin in am na Normannach in Éirinn ach in am na Lochlannach agus cath Chluain Tarbh chomh maith!

Nuair a bhí Céim Aniar ag iarraidh feasacht an phobail a ardú maidir leis an teanga, mheas cúpla ball gur mhaith an smaoineamh ceangal a dhéanamh idir ár n-oidhreacht agus ár dteanga dhúchais. Ós rud é go bhfuil an Ghaeilge os cionn 2,500 bliain d'aois, d'fhéach siad thart ag cuartú an siombail ab aosta agus ab oiriúnaí sa cheantar. Ní raibh réiteach na faidhbe i bhfad uathu agus b'éascaí an cinneadh a bhí le déanamh acu: Samhail a dhéanamh de Shean-Chros Mhíobhaigh. Nach raibh ár n-oidhreacht agus ár gcreideamh le feiceáil go soiléir in aon áit amháin anois? Agus dá gcuirfí roinnt scribhneoireachta Ghaeilge uirthi, nach cinnte go dtuigfeadh an pobal an dlúth-cheangal idir creideamh ársa na nGael, ár n-oidhreacht agus teanga ársa na nGael? Bheadh siad uilig fite-fuaite in aon láthair amháin anois. Ba léir, fosta, go raibh creimeadh ag teacht ar Chros Mhíobhaigh le fada an lá agus ní hiontas ar bith go raibh imní agus buaireamh ar mhuintir na paróiste, de bharr a gcion agus a meas uirthi. Chomh maith le sin, bheadh samhail den chros ar fáil, ar eagla go dtarlódh rud ar bith don tSean-Chros.

Agus b'in an fáth a chuaigh siad chuig Reilig Mhíobhaigh leis an chros a thomhais agus le teimpléad a dhéanamh de chairtchlár (cardboard). Ansin, chaith ár mball is sinsearaí an-chuid ama ag dearadh, ag déanamh agus ag maisiú na croise go dtí go raibh sé sásta leis an chuma snasta a bhí uirthi. Scríobhadh na focla ***Cros Mhíobhaigh***

***1000+ bliain An Ghaeilge 2500+ bliain*** ar thaobh amháin agus na focla ***Má tá sí agat, labhair í*** ar an taobh eile.

Sin déanta, socraíodh go gcuirfí an chros isteach i mórshiúil Lá 'le Pádraig, 2017 ach sibhse a bhfuil cuimhne agaibh ar an lá uafásach gaoithe móire agus fearthainne sin, beidh a fhios agaibh gur bheag duine a thug í fá dear an lá sin. Chuaigh sí isteach i mórshiúil Lá 'le Pádraig, 2018 i gCarraig Airt, áit ar bhain sí Duais na Gaeltachta.

Ansin, cuireadh in airde ar Pháirc Peile na nDúnaibh í do Chomórtas Peile na Gaeltachta chun cuidiú le híomhá Ghaelach a chruthú don cheantar, ó ba rud é gur C.L.G na nDúnaibh a bhí i mbun an Chomórtais. Ós rud é gur ceann d'aidhmeanna Chumainn Lúthchleas Gael é tacaíocht ghníomhach a thabhairt don teanga Ghaelach agus do chultúr na hÉireann, tá mé cinnte go mbeadh bród thar cuimse ar Mhícheal Cusack, ar Mhúiris Davin agus ar an Ard-Easpag Croke agus na laochra eile a chur Cumann Lúthchleas Gael ar bun, gan a bheith ag caint ar C.L.G Uladh a reachtáileann cúrsa Gaeilge Shéamais De Faoite sna Dúnaibh achan bhliain.

Anois, tá muid ag cuartú áitreabh cónaithe úr di agus má tá smaointe ar bith agaibh faoina leithéid, bheadh muid buíoch daoibh iad a chur in iúl dúinn ag 074-9154830, le bhur dtoil.








# An Dráma 2018
# Díshealbhú

Cé nach bhfuil greann ar bith ag baint lena leithéid d'ábhar agus dar ndóigh is rud é an díshealbhú a chruthaíonn fearg i gcroíthe na nGael agus go háirithe na Gaeil sin a raibh an mí-ádh orthu an Tríú Iarla Liatroma a bheith mar Thiarna Talún orthu, mheas mé fhéin go mbeadh greann ina chuidiú leis an scéal seo a chur i láthair.
Is dráma grinn é 'Díshealbhú' atá bunaithe ar scéal a chuala mé fán Tiarna Liatrom. Bhí sé mar sprioc aige balla a thógáil ó Thrá na Rossan go dtí an Mhaol Ruaighe thíos ag bun malaigh na sean-scoile i nDún Dubháin agus achan duine taobh ó thuaidh den bhalla sin a chaitheamh amach. Díshealbhú millteanach a bheadh anseo i dtaca le Ros Goill de mar ghlanfadh sin na teaghlaigh uilig amach as an Mheall Mhór, as Gort na Luchóg agus as Dun Dúbháin. Sula raibh sé ábalta seo a dhéanamh scaoileadh é agus chuir sin deireadh leis an phlean uafásach sin.

Is dráma trí gníomh é a chur Aisteoirí Mhíobhaigh i láthair sna Dúnaibh, sa



**Foireann Aisteoirí Mhíobhaigh le Sean Ó Marónaigh, Joe McHugh & Paul Mac Cumhaill**





## Radharcanna as an Dráma





Spidéal (Féile Náisiúnta inár thóg siad dhá ghradam), agus i nGaoth Dóbhair.

Cha raibh na haisteoirí uilig ar fáil i mbliana de thairbhe go raibh Comórtas Peile na Gaeltachta sna Dúnaibh agus bhí Aodh Mac Laifeartaigh (Hughie Finagh) agus Séan Mac Giolla Bhríde (John Mhici Rua) róghnóthach le páirt a ghlacadh sa dráma.  Ba seo an chéad Dráma nach raibh John páirteach ann agus go direach an dara Dráma nach raibh Hughie páirteach ann. Bhí an t-ádh orainn gur ghlac Ruairí Ó Fríl as Fanad páirt ann (Andrew—Mac an Tiarna) agus is aisteoir den scoth atá ann. Tá shúil agam go gcoinneoidh sé ag dul mar bhall d'fhoireann Aisteoirí Mhíobhaigh ó seo amach.

Bhí Seán  Ó Dochartaigh, (An Tiarna)  Seosamh Ó Cuilinn (Joe) (Áidsint an Tiarna), Seán Mac Laifeartaigh (John Frank) (RIC), Síle Ní Fhríl (Searbhónta) agus Proinsias Ó Cuilinn (Buitléir) páirteach sa dráma fosta.  Ba seo an dara dráma a bhí Síle páirteach ann agus ta sí ag dul ó neart go neart.

Mar is eol daoibh cuireann Aisteoirí Mhíobhaigh dráma fada ar an ardán achan bhliain agus tá muid iontach buíoch don phobal áitiúil a thagann amach achan

bhliain le muid a fheiceail agus a thugann tacaíocht dúinn.

Drámaí greannmhara den chuid is mó a rinne Aisteoirí Mhíobhaigh síos tríd na blianta ach anois is arís le codarsnacht a chur san áireamh rinne siad dráma dáiríre. Samplaí de seo: Peacadh Choilmcille i 2007, Taibhsí na nGael i 2012, Ar Thóir an Óir i 2014.

Sin ráite níl a dhath níos cinnte ná gur drámaí greannmhara is mó a thaitníonn le lucht féachana na Gaeltachta agus déanann muid ár ndícheall achan bhliain gáire maith a thabhairt dóbhtha.



**Prionsias Ó Cuilinn ag fail gradam scríbhneoireachta ó Alan Esslemont, Ardstiúrthóir TG4.**
**Síle Ní Fhríl thíos leis an ghradam a fuair Aisteoirí Mhíobhaigh.**






# Comórtas Peile na Gaeltachta.

Mar is eol daoibh uilig bhí na Cluichí Náisiúnta de Chomórtas Peile na Gaeltachta sna Dúnaibh le linn deireadh seachtaine na Cincíse, comórtas a mheall na sluaite go dtí an cheantar. Bhí foirne ag glacadh páirt ó Dhún na nGall, Muigheó, Gaillimh, Ciarraí, Port Láirge, An Mhí, Baile Átha Cliath agus as Béal Feirste. Bhí na cluichí náisiúnta an-seo uair amháin cheana, ba sin sa bhliain 1986. Ach macasamhail achan rud eile cha raibh cosúlacht ar bith idir chomórtas na bliana '86 agus chomórtas na bliana seo. Tá an comórtas anois i bhfad níos mó agus lena chois sin tá Comórtas na mBan an -tábhachtach anois cé nach comórtas oifigiúil sa chomórtas náisiúnta atá ann go fóill. Is dócha gur ceann de na deacrachtaí móra a bhaineann leis an chomórtas anois ná go bhfuil trí pháirc riachtanach leis an chomórtas a reáchtáil go héifeachtach. Bhí ar na Dúnaibh úsáid a bhaint as Páirc Naomh Mícheál ar an Satharn mar cé go raibh an dá pháirc againn sna Dúnaibh bhí an oiread sin cluichí ar an Satharn go raibh an tríú páirc a dhíth. Tá CLG Na nDúnaibh iontach buíoch do Naomh Mícheál as úsáid a bpáirce a fháil.

**Ullmhúchán.**

Bhí CLG Na nDúnaibh ag obair ar chúrsaí ullmhúcháin le bliain go leith roimhe sin agus níl amhras ar bith ná go raibh obair ullmhúcháin mhór le déanamh agus freastal le déanamh ar shlua chomh mór sin. Cuireadh bail cheart ar na páirceanna, cuireadh sconsa thart orthu agus tógadh seastán úr. Le seo uilig a dhéanamh bhí airgead a dhíth agus sin an chúis a bhí leis an chranchur mhór a rinneadh a reáchtáil roimh an chomórtas. Thug airgead an chranchuir faoiseamh don chumann agus deis dóibh leanstan ar aghaidh gan bac lena gcuid ullmhúcháin.

**Tacaíocht an Phobail.**

Níl dóigh ar bith a dtiocfadh le CLG Na nDúnaibh an comórtas seo a reáchtáil gan

tacaíocht an phobail – bhí lóistín le socrú, carranna le páirceáil, geaftaí le déanamh, cistin agus barra le reáchtáil san ollphuball agus cluichí le reáchtáil. Ach thaispeán an pobal chomh fial flaithiúil agus atá siad nuair atá cuidiú a dhíth agus d'oibrigh na sluaite go dícheallach, díograiseach le linn an deireadh seachtaine, cuid mhaith acu, b'fhéidir nach bhfuil suim ar bith acu i gcúrsaí peile ach a raibh fonn orthu cuidiú a thabhairt. Gan tacaíocht an phobail cha bheadh an dea-thoradh leis an chomórtas mar a bhí.

**Ár Muintir as Baile.**

Cha dtig a bheith ag caint ar an chomórtas gan ár muintir atá ar shiúl as baile a lua. Chan amháin go dtáinig ár muintir 'na bhaile ó áiteacha ar fud na tíre ach tháinig siad ó áiteacha thar lear fosta—ón Astráil, as Boston, as Copenhagen, as an Bhreatain Mhór, agus as Singapore. Chan amháin go dtáinig siad 'na bhaile don chomórtas ach thug siad lámh chuidithe comh maith. Níl amhras ar bith ná gur spreag Comórtas Peile na Gaeltachta spiorad iontach sa cheantar, b'fhéidir an cineál spioraid nár shíl muid a bheith ansin.

Maidir leis na cluichí fhéin cha dtiocfadh le toradh a dhath níos fearr a bheith leis an chomórtas seo don chumann áitiúil. Thug an bhuaidh a bhí ag foireann ban agus foireann fear na nDúnaibh an- spreagadh don cheantar agus chuir sé go mór leis an deireadh seachtaine.

Macasamhail féile nó comórtas de chineál ar bith bíonn rathúlacht agus deathoradh na hócáide ag brath ar chúrsaí aimsire agus níl amhras ar bith ná go raibh Dia fabhrach don cheantar don deireadh seachtaine mar go raibh aimsir den scoth againn.

**An Cailín Gaelach.**

Taobh amuigh de chúrsaí peile bhí imeachtaí eile ar siúl fosta. Bhí ceol agus damhsa san ollphuball le linn na n-oícheanta a raibh an comórtas ar siúl agus lena chois sin





Clíona Ní Ghallchóir



Shannon Nic Rodaí




bhí Comórtas an Chailín Ghaelaigh. Seachtar girseach a bhí san iomaíocht don Chailín Gaelach. B’í Shannon Nic Rodaí, iníon Josie agus Olivia a bhí san iomaíocht do na Dúnaibh. Sar pheileadóir í Shannon agus d’imir sí d’fhoireann na Contae.
B’í Clíona Ní Ghallchóir, cailín Gaelach Ghaoth Dobhair agus Dhún na nGall a bhuaidh comórtas an Chailin Ghaelaigh. Girseach álainn as Mín A’ Chladaigh í Clíona agus tá sí ag staidéar ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

**Na Meáin.**

Ceann de na buntaistí móra a bhain leis an aimsir ghrianmhar bhrothallach ná go raibh radharcanna áille an cheantair le feiceáil, ní amháin ar fud na tíre ach ar fud an domhain mar go raibh TG4 ag craoladh beo le linn an chomórtais. Ba mhór an rud é go bhfuair an ceantar an oiread sin poiblíochta le linn an deireadh seachtaine ní amháin ar TG4 ach ar Raidió na Gaeltachta comh maith.

**Barúlacha ón Chomórtas.**

Cuireadh ceist ar chuid mhaith daoine a bhí anseo don chomórtas a mbarúlacha a thabhairt faoi chomórtas na bliana seo. Bhí roinnt rudaí a sheas amach agus a luaigh








cuid mhór daoine. Shíl cuid mhór daoine go raibh áiseanna den scoth againn anseo, tá siad ansin anois agus tá súil ag an chumann go mbainfidh na glúnta atá ag teacht inár ndiaidh tairbhe astu. Agus muna mbeadh an comórtas againn is cinnte go mbeadh sé tamall de bhlianta sula dtabharfaí faoi chuid de na háiseanna  atá ansin anois. Lena chois sin beidh an cumann ag toiseacht gan mhóill le athchóiriú a dhéanamh ar an Ionad.

Bhí na daoine a tháinig iontach sásta ar fad le praghsanna  an bhidh agus na dí, ba seo pointe a luaigh a lán daoine – cha raibh  'rip-off' ar bith. Luaigh achan duine fosta cairdiúlacht na ndaoine agus de thairbhe sin caithfear creidiúint mhór a thabhairt d'achan duine a bhí ag obair. Níl tréith a dhath níos fearr  ná níos tábhachtaí a d'fhéadfaí a cheangal le ceantar ar bith ná cairdiúlacht a muintire.

**Buíochas.**

Ba mhaith le CLG, na nDúnaibh a mbuíochas ó chroí a ghabhail le pobal na paróiste as an tacaíocht iontach a thug siad don chumann le linn Chomórtas Peile na Gaeltachta.

















# Buaiteoirí Comórtas Ealaíne













Údarás na Gaeltachta

An Roinn
Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht

AN COMHLACHAS NÁISIÚNTA DRÁMAÍOCHTA
Camas, Conamara.
Teil: 091-574146 / Facs: 091-574155
eolas@drama-gaeilge.com www.drama-gaeilge.com